Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021
(OR. en)

9143/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0310(COD)**

SOC 382
EMPL 284
CODEC 838

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an nóta stiúrtha ón uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, mar ullmhúchán do Chomhairle EPSCO an 14 Meitheamh 2021.

Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a fógraíodh in Göteborg an 17 Samhain 2017, bunaítear i gCaibidil II tacar prionsabal lena dtugtar treoir maidir le coinníollacha córa oibre a áirithiú. Athdhaingnítear le Prionsabal Uimh. 6 an ceart atá ag oibrithe pá cothrom a fháil a fhágann gur féidir leo caighdeán maith maireachtála a bheith acu. Foráiltear leis freisin go ndéanfar íosphá leordhóthanach a chinntiú, ar bhealach a fhágann go ndéanfar riachtanais an oibrí agus a theaghlaigh a shásamh i bhfianaise dálaí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta, agus go gcosnófar rochtain ar fhostaíocht agus dreasachtaí chun obair a lorg ag an am céanna. Ina theannta sin, meabhraítear ann gur cheart cosc a chur ar an mbochtaineacht ina measc siúd atá ag obair agus gur cheart gach tuarastal a shocrú ar bhealach trédhearcach intuartha, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú.

In 2019, áfach, bhí ioncam indiúscartha ag naonúr as gach céad oibrí san Aontas fós faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta[1]. Fiú i measc na n-oibrithe le cosaint pá íosta, in 2020, thuairiscigh seachtar as gach deichniúr díobh go raibh, ar a laghad, roinnt deacrachtaí acu maidir le freastal ar a gcuid riachtanas, agus bhí éagsúlachtaí móra sna figiúirí ó thír go tír[2].

Chun cosaint oibrithe san Aontas a fheabhsú trí íosphá leordhóthanach, ghlac an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2020 togra le haghaidh Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach. Tá sé d'aidhm ag an togra sin creat a bhunú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go socrófar pá íosta ar leibhéal leordhóthanach agus go mbeidh rochtain ag oibrithe ar chosaint pá íosta, i bhfoirm pá íosta reachtúil nó pá a shocraítear i gcomhaontuithe comhchoiteanna.

De réir mian roinnt toscaireachtaí agus chun borradh breise a chur faoin obair pholaitiúil, measann an uachtaránacht go mbeadh sé ina chabhair don Chomhairle tuairimí a mhalartú maidir leis na gnéithe seo a leanas:

1. *Cad iad na feabhsuithe is tábhachtaí ar an gcosaint pá íosta ar fud an Aontais a bhfuil tú ag súil lena dtabhairt i gcrích leis an Treoir?*

2. *Cad iad na heilimintí is criticiúla sa Togra chun leordhóthanacht pá íosta a áirithiú laistigh den chreat comhchoiteann a bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir a shocrú?*

---

1 Eurostat, SDG_01_41.
2 Eurofound, *Minimum Wages in 2020, Annual review* [Pá Íosta in 2020, athbhreithniú bliantúil].